# Staidéar a dhéanamh ar Theangacha Iasachta don Ardteistiméireacht agus ina dhiaidh

Treoir d'acmhainní

## Teangacha Ardteistiméireachta

**Déantar rangú ar theangacha a ndéantar staidéar orthu mar theangacha curaclaim nó teangacha neamhchuraclaim**

Tá riachtanais éagsúla measúnaithe ann don dá chineál, mar seo a leanas

### Teangacha neamhchuraclaim

Is teangacha neamhchuraclaim iad na teangacha thíos. Níl ach measúnú léitheoireachta agus scríofa acu.

- Aon teanga ón Aontas Eorpach nach bhfuil ar fáil mar theanga churaclaim, (m.sh. Seicis, Ollainnis, Ungáiris, Rómáinis) agus Úcráinis.

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi theangacha curaclaim agus neamhchuraclaim ag **examinations.ie**

### Teangacha Curaclaim

Is teangacha curaclaim iad na teangacha thíos. Tá cluastuiscint, scrúdú béil, léamhthuiscintí agus measúnú scríofa acu.

- Fraincis
- Gearmáinis
- Iodáilis
- Seapáinis
- Liotuáinis
- Mandairínis
- Polainnis
- Portaingéilis
- Rúisis
- Spáinnis
- Araibis

Tá na teangacha curaclaim thíos ar fáil don staidéar ach níl measúnú cluaise ná béil acu.

- Sean-Ghréigis
- Léann Eabhrach
- Laidin

### Tacaíochtaí atá ar fáil

Cuireann Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann (TIBÉ) tacaíocht ar fáil do scoláirí sa chúigiú agus sa séú bliain trí na ranganna Sathairn do theangacha tearctheagasctha. Is gá do scoláirí a bheith ag dul isteach sa chúigiú bliain chun tairbhe a bhaint as an tacaíocht.

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ag **languagesconnect.ie/language-classes/**



## Staidéar a dhéanamh ar Theangacha ag an Tríú leibhéal

### An bhfuil a fhios agat?

- ✓ Tá breis agus 590 cúrsa 3ú leibhéal, ina bhfuil gné theanga, ar fáil faoi láthair.
- ✓ Is féidir staidéar a dhéanamh ar theangacha mar phríomhábhar, mar mhionábhar nó mar mhodúl roghnach.
- ✓ Tá rogha i roinnt cúrsaí chun teanga nua a fhoghlaim, sna modúil do thosaitheoirí.
- ✓ Bíonn deis ag scoláirí ar roinnt cúrsaí, a bhfuil teanga i gceist leo, bliain a chaitheamh thar lear ag staidéar, i dtír eile de chuid an AE nó níos faide i gcéin.
- ✓ Uaireanta, má dhéantar staidéar thar lear, déantar uasghrádú ar an gcáilíocht dheiridh go cáilíocht idirnáisiúnta.
- ✓ Faigh amach cad iad na roghanna tar éis na hArdteistiméireachta don staidéar ar careersportal.ie, agus bain úsáid as an scagaire ar chúrsaí Languages Connect.

### Leibhéal na dTeangacha Curaclaim

Braitheann an caighdeán is gá a bhaint amach san Ardteistiméireacht ar an teanga atá faoi mheasúnú.

- ✓ De réir a chéile, tá Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) ag dul i bhfeidhm ar shonraíochtaí teanga agus ag teacht leis.
- ✓ Tá Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis agus Spáinnis ag teacht le leibhéil A2/B1 de CTET.
- ✓ I gcás scoláirí Liotuáinise, Polainnise agus Portaingéilise a bhfuil eolas acu cheana ar an teanga, mar aon le dhá bhliain teagaisc, beidh gach seans acu an caighdeán céanna le NTI eile a bhaint amach.
- ✓ Tá leibhéal ab initio ag Seapáinis agus Mandairínis agus tá siad ag teacht le leibhéal réamhA1/A1 de CTET.
- ✓ Déantar measúnú ar Rúisis ag leibhéal beagán níos airde ná NTI eile, ag teacht le leibhéal B2 de CTET.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi staidéar a dhéanamh ar theangacha ag leibhéal na hArdteistiméireachta agus ina dhiaidh, agus faoi na tacaí atá ar fáil duitse agus do do chuid scoláirí, téigh chuig **languagesconnect.ie**

AMcC May 2026


Languages Connect

Arna seachadadh

Teangacha Iar-bhunscoile Éireann
Post-Primary Languages Ireland

Le tacaíocht ó

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth